



Gaelscoil Thaobh na Coille

Lá Fhéile Pádraig Sona Daoibh

14/03/2022



Agallaimh Gaeilge Seachtain na Gaeilge

Obair Ealaine R3A

Comhghárdeachas ollmhór le tuismitheoirí uile na scoile ó R1 go R6 a chuir taifead den agallamh Gaeilge a chuir na páistí oraibh sa bhaile suas ar Google Classroom, mar chuid d'obair bhaile sheachtain na Gaeilge na bpáistí, Tá na páistí ag baint an-taithneamh as a bheith ag féachaint ar na hagallaimh sa rang agus tá siad an-bhródúil as an t-iarracht a rinne sibh ar fad agus an Ghaeilge mhaith atá á labhairt agaibh. Tá moladh ar leith ag dul do na tuismitheoirí nár tógadh in Éirinn agus nár fhoghlaim Gaeilge riamh ar scoil, a rinne agallamh trí Ghaeilge - níl siad ar fad feicthe agam fós ach tagann Alistair Peagram (daidí Aoife, Chloe & Mollie), Carl de Brún (daidí Emily, Dylan & Ciara) & Pete Townsend daidí Lily, Adam & Liam) agus David Yao (daidí Jaden) a rinne sár-iarracht leis na hagallaimh chun cuimhne dom. Maith sibh a thuismitheoirí agus maith sibh a pháistí as na hagallaimh a chur i gcrích. Táim an-bhródúil asaibh ar fad, páistí agus tuismitheoirí araon. Is mór an spórt sibh a thuismitheoirí agus táimid thar a bheith buíoch díbh as a bheith sásta é sin a dhéanamh dúinn. Tacaíonn sé go mór linne agus muid ag iarraidh grá agus meas don Ghaeilge a bhuanú sna páistí. Is léir go bhfuil i bhfad níos mó Gaeilge agaibh ar fad ná mar a ligean sibh oraibh - coinnigí leis anois!

A huge congratulations to all the parents of the school from R1 to R6 who posted a recording of themselves being interviewed by the children as Gaeilge on Google Classroom, as part of the children's homework for seachtain na Gaeilge. The children are really enjoying watching the interviews in class and they are very proud of the effort the parents have put into answering their questions and very proud of the fact that you are using your cúpla focal. Special praise and congratulations go to the parents who were not brought up in Ireland who participated in interviews despite never having learned Irish at school. I haven't watched all the interviews yet but Alistair Peagram (dad Aoife, Chloe & Mollie), Carl de Brún (dad Emily, Dylan & Ciara), Pete Townsend dad Lily, Adam & Liam) and David Yao (dad Jaden) come to mind – you were brilliant – maith sibh. Thank you, parents and thank you, a pháistí, for taking on this challenge. I am very proud of all of you. We're very grateful to you for your willingness to participate in this exercise. This really helps us as we try to instill in the children a lifelong love and respect for the Irish language. It is clear that you all speak much more Irish than you let on – leanaigí leis anois!

Is mise le mór-mheas

Imre Sí Chonchadha

**Fógra maidir le hAthbhreithniú an Bhoird Bhainistíochta
ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí**

***Notification of the Board of Management's review
of the Child Safeguarding Statement***



Chúig-Tuismitheoirí Ghaelscoil Thaobh na Coille

Is mian le Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille an méid a leanas a chur in iúl duit:
The Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille wishes to inform you that:

- Tugadh chun críche athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ag cruinniú an Bhoird a tionóladh ar an 07/03/2022.
The Board of Management's annual review of the school's Child Safeguarding Statement was completed at the Board meeting of 07/03/2022.
- Rinneadh an t-athbhreithniú sin i gcomhréir leis an "Seicliasta le haghaidh Athbhreithnithe ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí" a foilsíodh ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie.
This review was conducted in accordance with the "Checklist for Review of the Child Safeguarding Statement" published on the Department's website www.education.ie.

Sínte 
Cathaoirleach, an Bord Bainistíochta

Dáta 07/03/2022

Sínte 
Príomhoide/Rúnai ag an mBord Bainistíochta

Dáta 07/03/2022

Dáta don Dialann

CÉADAOIN 16 MÁRTA 2022 – SCOIL AG CRÍOCHNÚ ag 12:00

Beidh an scoil ag críochnú do na páistí ar fad (N1 go R6) ag 12:00 ar an gCéadaoin an 16 Márta mar go mbeidh an fhoireann ag gabháil d'inseirbhís ar Churaclam Teanga na Bunscoile don tráthnóna sin.

Date for the Diary

SCHOOL WILL FINISH at 12:00 – WEDNESDAY 16 MARCH 2022

School will be finishing for all pupils (N1 to R6) at 12:00 on Wednesday the 16th of March as the staff will be partaking in in-service training for the primary language curriculum that afternoon





Tá feachtas tosaithe ag grúpa tuismitheoirí de chuid Ghaelscoil Shliabh Rua le Gaelcholáiste a éileamh i gCoill na Silíní. Tá 2 iarbhunscóil nua le bunú i gCoill na Silíní agus ba mhaith leis an gcoiste sin a chinntiú gur Gaelcholáiste Ilchreidmheach a bheidh i gceann amháin acu siúd. Tá bhúr dtacaíocht á lorg acu. Is féidir clárú leis an bhfeachtas seo trí chliceáil ar an nasc seo <https://tinyurl.com/GC4Cherrywood>. Is féidir teacht orthu freisin ar an leathanach Facebook @GC4Cherrywood agus ar Twitter @GC4Cherrywood.

A group of parents from Gaelscoil Shliabh Rua have started a campaign for a Gaelcholáiste in Cherrywood, Dublin 18. Cherrywood is to have 2 new post primary schools and they want to make sure that one of these will be a multi-denominational Gaelcholáiste. They are asking for your support on this. You can register your support by clicking on the following link <https://tinyurl.com/GC4Cherrywood>. You can get more information on their Facebook page @GC4Cherrywood and on Twitter @GC4Cherrywood.



Imeachtaí Sheachtain na Gaeilge CLG Naomh Ólaf

Beidh imeachtaí **Seachtain na Gaeilge** atá ar siúl i **gClub CLG Naomh Ólaf** an deireadh seachtaine seo. D'fhéadfá páirt a ghlacadh sna bealaí seo a leanas:

Dé Sathairn, 12 Márta: 'Lá Spraoi' 1-3pm

Lá Spraoi : Do pháistí ó Naíonáin Bheaga go Rang a 1 ar siúl sa seomra breise sa chlub. Tá an imeacht seo saor in aisce ach caithfidh tú clárú roimh ré mar níl mórán spáis ar fáil. Seol téacs chuig Katie ar 085-7026489 má tá spéis agat do pháiste a clárú.

Dé Domhnaigh, 13 Márta: 'Tráth na gCeist' 4pm

Tráth na gCeist : Sa seomra breise chomh maith, is féidir le haon duine grúpa a chur le chéile agus páirt a glacadh, uasmhéid cúige ar gach bord. Seol téacs chuig Katie ar 085-7026489 má tá spéis agat do bord a clárú.

Bain níos mó úsáide as an nGaeilge le linn na féile: sa bhaile, le do chairde, sa chlub, ar an bpáirc, nó áit ar bith!

Seachtain na Gaeilge Events Naomh Ólaf's GAA Club

The following events take place in Naomh Ólaf this weekend.

Saturday, 12th March: 'Fun Day through Gaeilge 1-3pm

Lá Spraoi : This event, which is geared towards children from Junior infants to First Class, will take place in the function room. Places are limited. If interested, reserve a place by texting Katie at 085-7026489.

Sunday, 13th March 'Tráth na gCeist/ Table quiz' 4pm

Tráth na gCeist: This takes place in the function room. Any players/ family can attend, maximum of 5 people per table. There will be some great prizes to be won on the day. If interested, reserve a place for your table by texting Katie at 085-7026489.

Finally use your cúpla focal with your family, around the club, and on the pitch!!

Is mise le meas,
Katie Ní Ghreacháin
CLG Naomh Ólaf





Picnic Teidí – físeáin bheochana do pháistí ar fáil saor in aisce
Amhráin nuachumtha ag Sadhbh Rosenstock

Picnic Teidí an teideal atá ar cheirnín a d'éisigh Gael Linn ar a bhfuil breis is scór amhrán agus rann nua le Sadhbh Rosenstock.

Anois, le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) tá cuid de na hamhráin ar fáil i bhfoirm fhíseáin bheochana leis na liricí ar an scáileán.

Arsa Sadhbh: "tá ríméad orm go bhfuil na teidithe tagtha chun beatha anois ar bhealach spreagúil, spráúil, ildaite. Canaigí libh, a pháistí!"

Áis an-luachmhar do pháistí ón Naíonra go Rang a dó iad na físeáin agus beidh páistí ag iarraidh breathnú orthu arís is arís eile sa mbaile.

Tá na físeáin ar fáil saor in aisce ag: www.cogg.ie/picnic-teidi

Tiocfaidh tú ar an gceirnín Picnic Teidí ag www.gael-linn.ie, ar iTunes agus ar Spotify

Picnic Teidí – children's animated videos free to view online
newly-composed songs and rhymes for children
by Sadhbh Rosenstock

A series of six animated videos from the Picnic Teidí CD are available now to view free of charge at www.cogg.ie/picnic-teidi

"I'm thrilled that the teddies from the album cover have now been brought to life in a fun and visually exciting way. I hope that children far and wide will enjoy singing along with the videos as much as my two little girls do!" - Sadhbh.

The six videos, which include the lyrics on screen, are a great addition to any parent, teacher, or early-childcare facilitator hoping to keep young minds engaged.

The Picnic Teidí CD is available at www.gael-linn.ie, on Spotify and on iTunes



Picnic Teidí N1 go R2



D'fhoghlaim na páistí ar fad ó ranganna na naíonáin go rang a 2 amhráin ón dlúthdhiosca 'Picnic Teidí' mar chuid d'imeachtaí sheachtain na Gaeilge. D'fhoghlaim na ranganna ar fad amhráin éagsúla agus tháinig siad le chéile ar an Aoine len iad a chanadh dá chéile. Tharraing siad pictiúr álainn de na hamhráin freisin. Roghnaíodh sár-phictiúr agus sár-amhránaí ó gach rang agus fuair na buairteoirí cóip den dlúthdhiosca álainn 'Picnic Teidí' mar dhuais.



As part of our activities for Seachtain na Gaeilge the children from N1 to R2 learnt songs from the CD 'Picnic Teidí', All the classes learnt different songs and came together to sing them for each other. They also drew pictures of their favourite songs. A prize of the 'Picnic Teidí' CD was awarded to the best singer and the best picture in each class.





Báidín Fheidhlimí
 Báidín Fheidhlimí d'íreigh go Gaibhlin
 Báidín Fheidhlimí go Feidhlimí ann
 Báidín Fheidhlimí d'íreigh go Gaibhlin
 Báidín Fheidhlimí go Feidhlimí ann.

Cas Amhrán R3 go R6

Le linn na paindéime ní raibh an oiread amhránaíochta ar siúl againn ar scoil is mar a bhí roimhe sin. Rith sé linn nach raibh cuid de na hamhráin traidisiúnta ar eolas ag na páistí agus shocraíomar ar theacht le chéile agus na hamhráin sin a mhúineadh do na páistí ar bhealach spraoiúil neamhfhoirmeálta i dteannta a chéile. Bhí sé go hálainn na páistí a chloisteáil ag canadh mar shlua sa halla.

During the pandemic we weren't allowed to do much singing in school. It occurred to us that the children didn't really know the traditional Irish songs that we all learnt in school...songs like Báidín Fheidhlimí, Trasna na dTonnta, Beidh Aonach Amárach etc. We decided to bring the children together in the hall to teach them some of those songs in a relaxed, informal way. It was so lovely to hear all the children singing together in the hall.



Trasna na dTonnta
 Trasna na dtonnta, dú síor, dú síor
 Síorháil an uaigneas is slán fáil an gceán
 Geall é mo chroí, agus geall é an ghrian
 Geall a tóiréir ag fáil na gceán

Crannchur Agallaimh Sheachtain na Gaeilge

Beidh crannchur i ngach rang dóibh siúd a chuir físeán den agallamh trí Ghaeilge lena dtuismitheoir suas ar Google Classroom - Duais deas don tuismitheoir agus duais eile don dalta!



A Raffle will be held in each class for those who videoed and interviewed one of their parents 'as Gaeilge' and put the video up on Google Classroom. There will be a nice prize for one child and parent in each class!

Cumann na mBunscol Léigeanna Peile



Tá foireann peil sinsear na scoile sa dara háit sa sraith i gcomórtas Corn na nGearaltach faoi láthair. Tá cluichí buaite acu i gcoinne Scoil Maelruáin (An tSeanbhábhún, Tamhlacht) agus Scoil Treasa (Teach na Giúise) ach chailleadar i gcoinne Réalt na Mara (Dumhach Thrá). Tá cluichí le n-imirt acu fós i gcoinne Scoil Mhuire (Baile an Bhóthair) agus Divine Word (Gráinseach Mharlaí).

Tá foireann peile na gCailíní, faoi stiúr An Múinteoir Cliona Seoighe, ag glacadh páirt i gcomórtas Corn Comhar Linn. Bhí mí-ádh orthu leis an aimsir go dtí seo agus níor imir siad ach cluiche amháin – i gcoinne Scoil Naomh Pádraig (Baile Uí Ruáin) – go fóill. Cluiche crua a bhí ann agus chailleadar amach sa deireadh. Tá cluiche le bheith acu i gcoinne Scoil Naomh Aodáin (Tamhlacht) i gClub CLG Naomh Ólaf Dé Céadaoin 16/03 agus imreoidh siad i gcoinne Scoil Treasa (Teach na Giúise) agus Scoil Maelruáin (An Seanbhábhún, Tamhlacht) ina dhiaidh sin.

The school senior football team currently lie in second place in their 'Corn na nGearaltach' football league. They have recorded wins against Scoil Maelruáin SNS (Old Bawn, Tallaght) and Scoil Treasa (Firhouse) but they lost out against a very strong team representing Stars of the Sea BNS (Sandymount) in their most recent match. Next up for the senior team is an away game against St. Mary's BNS (Boosterstown) and Divine Word (Marlay).

The girls' team, meanwhile, under the guidance of Múinteoir Cliona Seoighe, are participating in Corn Comhar Linn. The weather has played havoc with their fixture list and the one match that was deemed playable actually took place in the pouring rain on a private pitch owned by their opponents, St. Patrick's GNS from Ballyroan. It was a tightly fought affair but the home side were more clinical in gaining scores and ultimately emerged victorious. Next up for the girls is a home fixture against St. Aidan's NS (Tallaght) in Naomh Ólaf GAA Club on Wednesday 16th. They will then face Scoil Treasa (Firhouse) and Scoil Maelruain SNS (Old Bawn) in their concluding group matches.



Beannachtaí na Féile Pádraig
 oraibh go léir





Scéalta Ranga Class News

N1A An Múinteoir Cliona Seoighe

Tá na páistí ó N1A ag dul ar shiúlóidí deasa le R3A do Sheachtain na Gaeilge. Tá siad ag foghlaim go leor Gaeilge uathu.

The children in N1A are going on walks with Rang a 3 A for 'Seachtain na Gaeilge'. They are learning lots of 'Gaeilge' from them.



N1C An Múinteoir Uí Dhónaill

Is breá leis na páistí ar fad i N1C na hamhráin deasa ó Picnic Teidí agus na físeáin a théann leo. Bhain siad an-taitneamh as an t-am a chaith siad i ranganna N1A & N1B le déanaí.

N1C love to sing the songs from Picnic Teidí and watching the videos that go with each song. They really enjoyed the time they spent in N1A & N1B recently.



N2A An Múinteoir Ciara Ní Bháille

Tá N2A ag baint an-taitneamh as damhsaí nua a fhoghlaim agus iad a chuir i láthair go hamhráin atá á chanadh as Gaeilge.

N2A are really enjoying learning some dances in class, and performing them to popular songs being sung as Gaeilge.



N1B An Múinteoir Aoifa Ní Earcáin

Bhí na páistí i rang N1B an-ghnóthach ag foghlaim an amhrán 'An siopa milseán' ón albam Picnic Teidí do Sheachtain na Gaeilge. Bhain siad an-taitneamh as a bheith ag déanamh an ealain seo atá bunaithe ar an t-amhrán.

The children in N1B were very busy learning the song 'An Siopa Milseán' from the album Picnic Teidí for Seachtain na Gaeilge. They really enjoyed creating this art based on the song.

N2B An Múinteoir Sinéad Ní Chuireáin

Tá N2B ag foghlaim faoi chomharthaí an earraigh. Bhí an deis againn dul ar fhiach dúlra le R4B ar lá breá grianmhar. Chonaic muid lus an chromchinn, glóthach froig agus cloigíní gorma. Thairfeadamar an méid a chonaic muid ar sheicliosta. Chabhraigh ár am le R4B go mór lenár nGaeilge ar seachtain na Gaeilge!

N2B are learning all about the signs of spring. We got the chance to go on a spring scavenger hunt with R4B on a beautiful sunny day. We spotted daffodils, frog spawn and blue bells (to name a few!). We recorded all our findings on a checklist. The time spent with our new friends in R4B helped us with our Gaeilge during seachtain na Gaeilge!





R1A An Múinteoir Bernie Ní Ruadaigh

Tá a lán imeachtaí ar siúl againn do mhí na Gaeilge ar scoil. Tá Rang 1 ag múineadh nathanna cainte do na tuistí agus tá cúpla fiseáin déanta ag na páistí agus tá siad curtha suas ar Sheomra Ranga Google. Maith sibh!

Bhí an-spraoi ag na páistí ag foghlaim an HAKA i nGaeilge agus bhí orainn dul amach sa chlós len é a chleachtadh ar eagla go gcuirfimid isteach ar an bpríomhoide!

Tá pictiúirí álainn déanta ag na páistí do chomórtas Picnic Teidí.

Bhí deis againn dul ag siúl le Rang 5A agus chuir na páistí aithne ar a chéile. Rinne siad Léamh le Chéile sa halla freisin roimh an briseadh.

Tá ár mBéirín ranga ag dul abhaile le páiste amháin gach lá agus tá na páistí ag scríobh faoi cad a rinne siad le chéile.



Rang 1 are teaching some Irish phrases to their parents and some of them have posted videos on Google Classroom.

We had great fun learning the HAKA but we had to go outside to practice in case we would disturb an Príomhoide!

The class did some lovely pictures for the Picnic Teidí art competition.

We had the opportunity to go out for a walk with Rang 5A and get to know each other. We also did Reading Together in the hall. Our class Bear is going home again this term and the class now write what they do together.

R1B An Múinteoir Aoife Ní Bheacháin

Bhain páistí Rang 1B an-taitneamh as na imeachtaí do Seachtain na Gaeilge. D'fhoghlaim siad na hamhrán ón dlúthdhiosca Picnic Teidí agus tá pósteár déanta acu bunaithe ar na teidithe. Chomh maith leis sin d'fhoghláim siad an Haka Gaelach agus cúpla seanfhocal nua.

1ST class have enjoyed participating in Seachtain na Gaeilge activities. They have learned lots of songs from the CD Picnic Teidí and took part in a poster competition where they drew a picture of their favourite line/image from the songs. They have also practiced some new seanfhocals.



R2A An Múinteoir Sinéad Nutley

Tá sorcas ann inniu wú hù!

Bhí comórtas ealaíne ag R2A bunaithe ar 'An Sorcas' agus rinne siad na póstaer iontacha seo. Bhuaigh Emílie Nic Suibhne an comórtas.

Rang 2A had an art competition to design a poster based on the song An Sorcas. Aren't their posters great? Emílie won the competition :)



R2B An Múinteoir Orla Ní Fhicheallaigh


Bhí an-spraoi againn i R2B ag réitiú amhrán 'An Siopa Milseán' ón dlúthdhiosca atá ag an Múinteoir Ní Fhloinn 'Picnic Teidí'. Dearamar póstaer bunaithe ar an amhrán do Sheachtain na Gaeilge. Chum an rang geaitsí le dul leis le chéile agus caitheamar vóta do na geaitsí is oiriúnaí don amhrán.

We had great fun in R2B this week preparing the song 'An Siopa Milseán' from an Múinteoir Ní Fhloinn's CD 'Picnic Teidí'. We designed posters based on the song for Seachtain na Gaeilge. We created our own actions to the song and voted on the best and most appropriate for the song.

R3A An Múinteoir Bróna Ní Bhaoill

Chumar ar chuairt go dtí Rosemont le breathnú ar an gceoldráma 'Annie'. Bhíomar ag foghlaim an damhsa don Dreoilín. Bhaineamar an-taitneamh as an siúlóid leis na naíonáin bheaga. Bhuamar comórtas na Gaeilge an tseachtain seo caite agus bhí am breise againn sa chlós.

We went to Rosemont to watch the musical 'Annie'. We were learning the dance to the song 'An Dreoilín'. We really enjoyed our walk with junior infants. We won 'Comórtas na Gaeilge' last week and we had extra time in the yard.





R3B An Múinteoir Niamh Ní Dhúill

Tá R3B ag foghlaim agus ag fiosrú faoi na Lochlannaigh agus ag baint an taitneamh as. An féidir leat bailte lochannacha na hÉirinn a ainmniú?

R3B are learning and discovering information about the Vikings and really enjoying the stories. Can you name the Viking towns of Ireland?

R4A An Múinteoir Maoiliosa Ó Dubhthaigh

Mar chuid de **Sheachtain na nInnealtóirí 2022**, d’fhoghlaim na páistí faoi thuirbíní gaoithe – go gcuideann siad linn a bheith níos neamhspleáiche ar bhreoslaí iontaise lena ndéantar damáiste dár gcomhshaoil. Rinne na páistí roithleáin chun mionsamhail turbín gaoithe a dhéanamh le foghlaim faoin bhfuinneamh cinéiteach seo.



Tá **Siúl le Chéile** agus **Léamh le Chéile** déanta acu le rang An Múinteoir Ní Bháille (Naíonáin Shinsearacha A) agus bhaineadar an-sult leis. Tá póstaireirí déanta ag an rang do Sheachtain na Gaeilge agus tá siad á chrochadh i gClub CLG Naomh Ólaf.

As part of Engineering Week 2022, the pupils of Rang a 4A learned about wind turbines – how they help us to be become less reliant on fossil fuels, which damage our environment. They made a spinning wheel to replicate a wind turbine to learn about this form of kinetic energy. The class have also done ‘Siúl le Chéile’ (Walk Together) and ‘Léamh le Chéile’ (Read Together) with An Múinteoir Ní Bháille’s class (Senior Infants A) and they have enjoyed forming a relationship with the infants. The class made posters for Seachtain na Gaeilge, which are on display in Naomh Ólaf GAA Club.



R4B An Múinteoir Deirdre Uí Dhíomsaigh



Tá Rang a 4B ag baint an-taitneamh faoi láthair as na himeachtaí agus na gníomhaíochtaí éagsúla atá ar siúl mar chuid de sheachtain na Gaeilge.



Bhí áthas orainn teacht le chéile leis na páistí óga i Rang N2B sa halla agus cómhrá a

dhéanamh leo. Bhaineamar ar fad an-sult as an siúlóid a rinneamar leis na naonán agus fiach dúlra á dhéanamh againn. Táimid ag baint taitneamh as a bheith ag canadh amhráin Ghaeilge le ranganna eile sa halla. Tá cuid mhaith amhráin nua foghlamtha againn an mhí seo. Bhí an rang gnóthach ag cur agallamh ar a dtuismitheoirí agus á gcur suas ar an Seomra Ranga Google. Maith sibh a pháistí agus a thuismitheoirí! Labhair í agus mairfidh sí!!

Rang a 4B are currently enjoying the various events and activities that are taking place as part of seachtain na Gaeilge. We were delighted to meet the young children from rang N2B in the hall and chat with them. We all really enjoyed the walk and nature hunt that we did with the infants. We also enjoyed singing Irish songs with other classes in the hall. We've learned a lot of new songs this month. The class was busy interviewing their parents and posting them on the Google Classroom. Well done children and parents! Beatha Teanga í a Labhairt – Labhair í agus mairfidh sí!!

R5A An Múinteoir Tomás Mac Uilleagóid



Tá Rang a 5A tar éis an-obair a chur isteach in a gcuid tionscnaimh ar thíortha na hEorpa, agus go leor firicí suimiúla ar eolas acu anois. Tá cuid mhaith foghlamtha acu faoi tionscnamh a chur i láthair freisin.



Tá ealaín Sheachtain na Gaeilge agus Lá Fheile Pádraig faoi lán tseoil anois agus ní fada go

mbeidh an áit gléasta i ndathanna glasa, oráiste agus bán. Moladh mór do na tuistí a rinne agallamh ar Google classroom freisin.

Rang a 5A have just completed a project on countries of Europe and their heads are filled with fun facts. The have also learned a lot about presentation of their work. The pupils are flat out working on art for Seachtain na Gaeilge and St. Patrick's Day. It won't be long until the place is covered in green, white and orange. Huge credit to so many parents who did the interview 'As Gaeilge' for Google Classroom.

R5B An Múinteoir Colm Ó Coisdealbha

I rang 5B an mhí seo rinneamar lusanna gréine don ealaín. Tharraing na páistí ar dtús iad agus dhathaigh siad ansin le péint.

Rang 5B made sunflowers in art class this month. They drew them first and then used paint to bring them to life.

**R6A** An Múinteoir Sarah Ní Fhállamháin

Rinne Rang a 6 tionscnamh ranga ar An Afraic. Bhí gach duine mar shaineolaí ar thír nó dhó agus fuaireamar amach neart eolais faoin ár dtír. Rinneamar cur i láthair sa rang. Bhaineamar an-taitneamh as an tionscnamh seo!

Seachtain na Gaeilge atá ann. Mar sin chuamar ar siúlóid le Rang a 2 agus bhíomar ag léamh leo sa halla. Thaitin seo seo go mór linn! Beidh muid ag rince le ar an Mháirt agus táimid ag súil go mór leis.

Rang a 6 completed a class project on Africa. Everyone became an expert on one or two countries. We gathered lots of information about our country. We did a presentation in school on the country we learnt about. We really enjoyed ourselves while doing this project.

This week it's Seachtain na Gaeilge. We went on a walk with Rang a 2 and we read books with them in the hall. On Tuesday we will do Irish Dancing with Rang a 2. We are looking forward to this.



R6B An Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh & An Múinteoir Máire Mhic Gabhann

Bhí Rang a 6B gnóthach an tseachtain seo ag dearadh gluaisteáin a bhogann le cumhacht na gaoithe do Sheachtain na hEolaíochta. Tá siad i mbun neart cleachtaithe freisin chun seó puipéid a chur i láthair do ranganna na Naíonáin chun Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh. Tá siad ar bís faoi seo.



Pupils from Rang 6B were busy this week designing a wind-powered vehicle for Science Week. They are also preparing daily to present a puppet show to the Infant classes for Seachtain na Gaeilge. There is a great buzz of excitement about this.



Beannachtaí na Féile Pádraig Oraibh

